
# Athair



## Ceisteanna Scrúdaithe Féideartha agus Freagraí Samplacha



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Athair

**Ceisteanna Scrúdaithe Féideartha**
**Athair**

**Prós Ainmnithe (30 marc)**
Freagair do rogha ceann amháin de (a) nó (b) thíos.

(a) ‘Níl léiriú ródhearfach sa scéal Athair ar dhearcadh phobal na hÉireann i dtaobh daoine aeracha.’ Do thuairim uait faoi seo.

(b) Tá sé an-soiléir sa ghearrscéal Athair go bhfuil grá domhain ag an athair dá mhac. An aontaíonn tú leis an ráiteas sin?


**Prós Ainmnithe (30 marc)**
Freagair do rogha ceann de (a) nó (b) thíos.

(a) ‘Tá bás agus brón le feiceáil go láidir ó thús an ghearrscéil Athair.’ É sin a phlé.

(b) ‘Is iomaí mothúchán a léirítear sa ghearrscéal Athair’. Déan plé ar dhá mhothúchán a léirítear le linn an scéil.

# Athair

**Freagra Samplach**




**‘Gearrscéal is ea Athair faoi thábhacht caidreamh.’ É sin a phlé.**

Leagtar an-bhéim ar thábhacht caidreamh ó thús an ghearrscéil Athair le Mícheál Ó Conghaile. Leagann teideal an scéil, fiú, béim ar thábhacht na gcaidreamh ann. Níl ainm ar an athair ná ar an mac. Tá siad inaitheanta óna gcuid caidreamh teaghlaigh. Is ‘athair’ é an seanfhear traidisiúnta atá mar phríomhcharachtar an scéil agus is ‘mac’ é an reacaire óg a insíonn an scéal dúinn. Is é an caidreamh idir an bheirt acu is ábhar don ghearrscéal seo.

Léirítear láithreach dúinn an caidreamh dlúth atá ag an mac lena athair. Cuireann an mac tús le ceist ‘cén chaoi a mbeadh a fhios agamsa céard a dhéanfainn’ nuair a fheiceann sé a athair ag caoineadh tar éis dó insint dó


# Athair



**Freagra Samplach**

go bhfuil sé aerach. 'Deoir nár chaoin' a athair nuair a fuair a mháthair bás go tobann i ndrochthimpiste ach ligeann sé amach 'seitreach phianmhar dhrogallach' nuair a chloiseann sé go bhfuil a mhac aerach. Is léir go ngoilleann sé go mór ar an athair go mbeidh saol níos déine ag a mhac ná ag daoine eile. Tá an gearrscéal seo suite in Éirinn na nóchaidí, nuair a bhí dearcadh an phobail i dtaobh daoine aeracha fós diúltach agus míthrócaireach. Baineann scéal a mhic stangadh as an athair, mothaíonn sé pian fhisiciúil agus é ag iarraidh teacht ar thuiscint faoina aerachas.

Feictear brón agus briseadh croí an athar ag tús ag ghearrscéil nuair a insíonn an reacaire go bhfuair bean chéile a athar, a mháthair, bás 'naoi mí roimhe sin' i dtimpiste. Is léir go bhfuil an t-athair go mór faoi bhrón ag bás tobann a a chéile cé 'nár shnigh oiread is deoir amháin cosán cam anuas ar a ghrua'. Tá sé spéisiúil le linn an ghearrscéil go mbreathnaíonn an t-athair thart ag lorg tacaíochta chun dul i ngleic le scéal a mhic, is ag lorg a mhná atá sé agus comhairle de dhíth air. Tá caidreamh tábhachtach caillte ag an athair agus tá folús ina shaol. Mothaítear easnamh na máthar go mór le linn an scéil dá bharr.



# Athair

**Freagra Samplach**

Léirítear go bhfuil caidreamh speisialta idir an mac agus a athair de réir mar a leanann an scéal ar aghaidh. Tuigeann an mac cén saghas duine é a athair agus na nósanna atá aige. Tuigeann sé, freisin, go bhfuil dualgas ar leith air ‘fanacht taobh le m’athair’ tar éis dá mháthair bás a fháil toisc go bhfuil caidreamh dlúth acu agus go bhfuil tuiscint mhaith acu ar a chéile. Is mac an-cháiréiseach é agus déanann sé a dhícheall aire a thabhairt dá athair. Is athair an-mhaith é freisin a dhéanann a dhícheall réiteach lena mhac.

Cé bhfuil sé deacair ar an athair glacadh leis go bhfuil a mhac aerach, tuigeann sé go bhfuil a chaidreamh lena mhac níos tábhachtaí ná tuairimí an phobail agus breithiúnas na gcomharsan. Cé go dtosaíonn an gearrscéal seo le ceist an mhic, críochnaítear é le ceist an athar, “‘[a]n seasfaidh tú roimh an mbó bhradach dom?’ ar sé, ‘fad a bheas mé á bleán…tá sine thinn i gcónaí aici…’”Ceist í a  léiríonn tábhacht an chaidrimh idir an mac agus an t-athair. Tá an iomarca caillte ag an athair le déanaí, ní theastaíonn uaidh a mhac a cailleadh ach an oiread. Leis an gceist sin, léiríonn sé go bhfuil grá aige dá mhac, go sáraíonn an grá sin gach dúshlán agus go mbeidh caidreamh láidir acu mar a bhí i gcónaí. Gearrscéal faoi chaidreamh é an gearrscéal seo cinnte ach níos tábhachtaí ná sin, gearrscéal faoi ghrá is ea é a léiríonn gur féidir caidreamh ar bith a chaomhnú ach grá a bheith chun tosaigh i gcónaí.